



## AN ÁISE THOIR THEAS

Tá dlúthnaisc á gcothú ag AE le tíortha na hÁise Thoir Theas agus tá comhtháthú réigiúnach le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) á chur chun cinn aige. Is gníomhaí láidir eacnamaíoch é an tAontas san Áise Thoir Theas agus is mórdheontóir cabhrach um fhorbairt é a bhíonn ag saothrú chun forbairt institiúidí, daonlathas, dea-rialachas agus cearta an duine a chothú. Tá ábhair imní gheostraitéiseacha ag AE sa réigiún, amhail díospóid Mhuir na Síne Theas, agus tá ábhair imní i ndáil leis an gcomhshaol aige i bhfo-réigiún Mekong. Tá pacáiste ‘Foireann na hEorpa’ curtha ar fáil ag AE ina bhfuil breis is EUR 800 milliún chun dul i ngleic le paindéim COVID-19 sa réigiún agus chun a tionchar socheacnamaíoch a mhaolú.

Tugann an bhileog eolais seo tuairisc ar réigiún na hÁise Thoir Theas. Féach freisin na bileoga eolais ar an Áise Theas ([5.6.7](#)) agus ar an Áise Thoir ([5.6.8](#)).

### AN BUNÚS DLÍ

- Teideal V (gníomhaíocht sheachtrach AE) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Airteagail 206-207 (trádáil) agus 216-219 (comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCCanna) (caidreamh déthaobhach).

#### A. Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN)

Ag an gcéad chruinniú mullaigh a bhí ag ASEAN, a reáchtáladh in Bali i mí Feabhra 1976, tugadh le chéile an Indinéis, an Mhalaeisia, na hOileáin Philipíneacha, Singeapór agus an Téalainn, mar aon le Brúiné Darasalám, Vítneam, Laos, an Chambóid agus Maenmar. Tá sé de rún daingean ag ASEAN gan cur isteach ar ghnóthaí baile a chomhaltaí.

Is comhpháirtithe den mheon céanna iad an tAontas agus ASEAN i gcomhthéacs geopholaitiúil atá dúshlánach, agus creideann siad araon san iltaobhachas atá bunaithe ar rialacha. Le daichead bliain anuas, tá caidreamh láidir bunaithe ag ASEAN agus AE le chéile, ar bhonn cúrsaí trádála agus caidreamh eacnamaíoch den chuid is mó. Tá acmhainn ollmhór ann idirghabháil níos mó a bheith ann, bunaithe ar chomhleasanna agus ar luachanna comhroinnte.



Tá leas straitéiseach ag an Aontas ó thaobh chomhtháthú na hÁise a fhorbairt de, agus saothraíonn sé Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhair (CCCanna) agus Comhaontuithe Saorthrádála (FTAnna) le balltíortha aonair de chuid ASEAN. Is é AE an dara comhpháirtí is mó atá ag ASEAN, le sciar 13% den trádáil iomlán a dhéanann ASEAN leis an domhan. Is é ASEAN an tríú comhpháirtí is mó atá ag AE lasmuigh den Eoraip (tar éis Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tSín). Is é an sprioc dheiridh ná Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus ASEAN a thabhairt i gcrích.

Dhírigh 36ú Cruinniú Mullaigh ASEAN, a reáchtáladh go fíorúil i Hanaí i mí an Mheithimh 2020, ar fhreagairt ar COVID-19, ar an téarnamh iar-phaindéime agus ar chomhar breise. D'áitigh na ceannairí freisin [go mbeadh féinsmacht agus neamh-mhíleatú ann i Muir na Síne Theas](#). Tar éis an chruinnithe mullaigh, i mí Iúil 2020, chuir an tAontas pacáiste 'Foireann na hEorpa' ar fáil ina raibh breis is EUR 800 milliún chun tacú le gníomhaíochtaí ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim shláinte láithreach COVID-19.

Tacaíonn an Pharlaimint le huasghrádú a dhéanamh ar chaidreamh AE-ASEAN chun caidreamh straitéiseach a dhéanamh de, agus é mar aidhm leis sin a caidreamh le parlaimintí thíortha ASEAN a neartú trí Idirphlé Parlaiminteach Idir-Réigiúnach PE-AIPA<sup>[1]</sup> lena dtreiseofaí taidhleoireacht pharlaiminteach.

**B.** Cruinniú na hÁise-na hEorpa (ASEM) agus Cruinniú de Chomhpháirtíocht Pharlaiminteach na hÁise-na hEorpa (ASEP)

Tharla 14ú Cruinniú na hÁise-na hEorpa (ASEM) i Maidrid i mí na Nollag 2019, agus bhí sé mar aidhm leis comhar eacnamaíoch a neartú, mar aon le hidirphlé polaitiúil agus naisc duine le duine a chur chun cinn idir AE agus an Áise.

Tharla an 10ú Cruinniú de Chomhpháirtíocht Pharlaiminteach na hÁise-na hEorpa (ASEP-10) sa Bhruiséil i mí Mheán Fómhair 2018, inar leag na comhpháirtithe béim ar an ngá atá le gníomhaíocht éifeachtach agus mhear maidir leis an athrú aeráide, le comhar slándála, le caidreamh trádála agus le cearta an duine. Le tarraingt siar na Stát Aontaithe ó Chomhaontú Pháras, leagadh béim ar thábhacht an chaidrimh agus an iltaobhachais idir an Áise agus an Eoraip i dtaobh ord domhanda atá riail-bhunaithe, lena n-éilítear trédhearcacht bhreise ó thaobh modhanna oibre de. Tá an 11ú Cruinniú de Chomhpháirtíocht Pharlaiminteach na hÁise-na hEorpa (ASEP-11) beartaithe do 2021 in Phnom Penh na Cambóide.

**C.** An Indinéis

Is comhalta de G20 í an Indinéis, is í an tríú daonlathas is mó ar domhan í agus an tír is mó inar Moslamaigh iad formhór an daonra. Tá an Indinéis ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile mar chomhpháirtí de chuid an Aontais.

Reáchtáil an Indinéis toghcháin uachtaránachta, pharlaiminteacha agus réigiúnacha i mí Aibreáin 2020. Den chéad uair, bhí na toghcháin sin ar siúl ag an am céanna. Léiríonn na torthaí deiridh gur atoghadh Joko Widodo (Páirtí Daonlathach na hIndinése) do dhara téarma. Tá toghcháin réigiúnacha beartaithe do mhí na Nollag 2020 chun 9 ngobharnóir, 224 ionadaithe (*bupati*) agus 37 méara a thoghadh

---

[1]AIPA: Tionól Idirpharlaiminteach ASEAN.



ar fud na tíre. Ba dhúshlán do cheannaireacht Joko Widodo agus don éileamh air é COVID-19. Tugann an riarachán tús áite d'fhorbairt bonneagair, le cúnaimh ó infheistíocht eachtrach agus phríobháideach. Tá ceapadh beartais sa ghearrthearma dírithe, áfach, ar shrianadh na paindéime agus ar an ngeilleagar a chur ar bhealach an téarnaimh. I mí Dheireadh Fómhair 2020, rith an Indinéis Ollbhille um Chruthú Post, a bhfuil maíte ag an rialtas ina leith go meallfar infheistíocht leis, ach táthar ag cur ina choinne os comhair na cúirte bunreachtúla faoi láthair mar gheall ar an imní go mbeidh tionchar aige ar an gcomhshaol agus ar chearta saothair. Tá earnáil phríobháideach láidir ag tacú leis an ngeilleagar san Indinéis. Meastar go dtiocfaidh fás tuairim is 5% in aghaidh na bliana ar OTI na hIndinése thar an tréimhse ó 2018-2022. Tá athbhreithniú déanta ag an Rialtas ar a réamhaisnéis, áfach, chun í a ísliú chuig raon de 1.1% de chreapadh go 0.2% d'fhás, mar gheall ar dhrochthionchar phaindéim COVID-19.

Tá comhar idir AE agus an Indinéis bunaithe ar Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair 2014. Bhí an ceathrú cruinniú den Chomhchoiste ag an Indinéis agus AE in Iacarta i mí Feabhra 2020, inar díriodh ar fhorbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha le déanaí, cur chun feidhme an CCC, comhar earnálach agus caidreamh AE-ASEAN. D'athdhearbhaigh na ceannairí a dtiomantas i dtaca le Comhaontú Pháras, agus é mar aidhm acu a gcomhar a threisiú i réimse an chomhshaoil, na n-acmhainní nádúrtha, na gníomhaíochta ar son an aeráide, na dlíthiúlachta foraoise agus an gheilleagair chiorclaigh, agus dlús a chur leis an gcomhar sin. Ós rud é gur ábhar íogair fós í ola phailme don Indinéis (is í an táirgeoir ola pailme is mó ar domhan í agus rinne sí gearán i gcoinne bheartas an Aontais maidir le bithbhreoslaí ag EDT), spreag na ceannairí deimhniú an táirgthe inbhuanaithe agus na trádála freagraí.

Reáchtáladh an naoú babhta de chaibidlíochtaí maidir le Comhaontú Saorthrádála cuimsitheach idir AE agus an Indinéis i mí na Nollag 2019 sa Bhruiséil agus tugadh aghaidh ar raon leathan réimsí, go háirithe trádáil in earraí, seirbhísí, infheistíocht, agus rialacha tionscnaimh. Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, reáchtáil an tAontas agus an Indinéis babhta fíorúil caibidlíochta sa chuid is mó de na grúpaí caibidlíochta i mí an Mheithimh 2020. Is é AE an tríú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Indinéis, le luach trádála iomlán de níos mó ná EUR 30 billiún in 2019. B'ionann infheistíochtaí AE san Indinéis in 2017 agus EUR 33.1 billiún. Reáchtáladh an 5ú hdirphlé maidir leis an mBeartas Slándála idir AE agus an Indinéis go fíorúil i mí Dheireadh Fómhair 2020. Phléigh AE agus an Indinéis an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, cur i gcoinne drugaí, coimeád na síochána, slándáil muirí, cibearshlándáil, neamhleathadh agus bainistiú tubaistí.

An 24 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an gcód coiriúil beartaithe san Indinéis, lena gceadaítear idirdhealú ar bhonn gnéis, reiligiúin agus gnéaschlaonta, chomh maith le hidirdhealú i gcoinne mionlach. Chuir sí in iúl gur geal léi cinneadh Widodo a ghlacadh a chur siar tar éis agóidí mórsála ar fhreastail na mílte duine ar fud na tíre orthu.

#### **D. Maenmar**

Ba chomhpháirtí gníomhach é AE in aistriú Mhaenmar chun an daonlathais agus bhí sé i dtús áite i rannpháirtíocht an phobail idirnáisiúnta leis an tír ó cuireadh tús le hathbhunú an daonlathais inti agus ó thosaigh sí ag oscailt don domhan mór. Níl



aon chreachomhaontú foirmiúil i bhfeidhm mar gheall ar na deiceanna de bhlianta d'imeallú agus smachtbhannaí idirnáisiúnta. D'fhormhuinigh an Chomhairle straitéis don chaidreamh le Maenmar in 2016.

Ó thoghcháin 2015, a ndearna AE breathnóireacht orthu le rannpháirtíocht na Parlaiminte, tá athchóirithe daonlathacha ag dul chun cinn. Ghlac Aung San Suu Kyi róil mar Chomhairleoir Stáit, Aire Gnóthaí Eachracha agus Aire Oifig an Uachtaráin, a thugann fíorchumhachtaí feidhmiúcháin di. Cuireann Bunreacht Mhaenmar, a scríobh an rialtas míleata in 2008, srian ar ghníomhaíochtaí an rialtais nua. Tá Maenmar fós i mbun cogadh cathartha a thosaigh in 1948. Comhaontaíodh sos cogaidh i mí Dheireadh Fómhair 2015, ach níor shínigh roinnt grúpaí ceannairceacha eitneacha go fóill é.

Tharla na holltoghcháin is déanaí an 8 Samhain 2020. Bhuaigh páirtí Aung San Suu Kyi, an Conradh Náisiúnta um an Daonlathas (NLD), atá i gcumhacht faoi láthair, go leor suíochán sa pharlaimint chun rialtas nua a bhunú, cé gur chuir an freasúra, le tacaíocht ó arm Mhaenmar, i leith an rialtais go raibh neamhrialtachtaí ann.

Is comhpháirtí eacnamaíoch láidir é AE agus is deontóir cabhrach um fhorbairt é, a chothaíonn daonlathas agus forbairt institiúidí agus a bhfuil EUR 688 milliún leithdháilte aige do thréimhse 2014-2020. B'ionann an trádáil iomlán idir an dá chomhpháirtí in 2019 agus EUR 3.4 billiún. Mar Thír is Lú Forbairt, baineann Maenmar tairbhe as an tionscnamh trádála 'Gach Ní Seachas Airm' (EBA) faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe (GSP), lena gceadaítear do chuideachtaí leas a bhaint as onnmhairí saor ó dhleacht agus saor ó chuóta chuig margadh an Aontais i gcás gach táirge seachas airm agus armlón.

Ní mór do Mhaenmar aghaidh a thabhairt ar ghéarú ar theannas idirphobail. An 21 Lúnasa 2020, cuireadh tús an athuir leis an gceathrú cruinniú de Chomhdháil Síochána an Aontais nó 'Comhdháil Panglong don 21ú hAois'. Tá an chomhdháil ceaptha chun coinbhleachtaí a réiteach idir na grúpaí ceannairceacha míleata agus eitneacha trí Chomhaontú um Shos Cogaidh Náisiúnta a iompú ina réiteach buan.

Reáchtáladh an 6ú hdirphlé maidir le Cearta an Duine idir AE agus Maenmar i mí Dheireadh Fómhair 2020. Phléigh an tAontas agus Maenmar an staid mar atá i Stáit Rakhine, Kachin agus Shan, rochtain dhaonnúil agus staid daoine atá easáitithe ina dtír féin, chomh maith le cuntasacht as sárúithe líomhnaithe ar chearta an duine, cearta agus saoirsí bunúsacha, cearta eacnamaíocha, saothair agus sóisialta, cearta na mban agus comhar maidir le cearta an duine i bhfóraim iltaobhacha. D'athdhearbhaigh an tAontas freisin go dtacaíonn sé go láidir le haistriú daonlathach Mhaenmar, go háirithe i gcomhthéacs a phróisis síochána agus athmhuintearais.

Tá mór-shaincheisteanna ann ó thaobh chearta an duine de, agus géarleanúint ar an bpobal Róihinseach in Rakhine an ceann is tábhachtaí díobh sin. Ó mhí Lúnasa 2017, tá níos mó ná 800 000 dídeanaí Róihinseach tar éis teitheadh go dtí an Bhanglaidéis chun éalú ó ghéarleanúint i Maenmar. I mí Lúnasa 2019, dhiúltaigh na mílte dídeanaí iarrachtaí ón mBanglaidéis, Maenmar agus ó na Náisiúin Aontaithe iad a aistriú ar ais go Maenmar mar gheall ar údair imní i dtaobh na slándála.

Cháin an Pharlaimint na sárúithe ar chearta an duine i gcoinne an phobail Róihinsigh i rún uaithi an 19 Meán Fómhair 2019. I mí na Samhna 2019, thug an Ghaimbia cás



i gcoinne Maenmar os comhair na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI), bunaithe ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Coir an Chinedhíothaithe a Chosc agus a Phionósú. Tháinig Aung San Suu Kyi i láthair os comhair CBI i mí na Nollag 2019, agus dhiúltaigh sí do líomhaintí go raibh sé de rún aici cinadhíothú a dhéanamh agus chosain sí Tatmadaw, Fórsaí Armtha Mhaenmar. I mí Eanáir 2020, shainordaigh CBI 'bearta sealadacha' lena gceanglaítear ar Mhaenmar stop a chur leis an bhforéigean in Rakhine agus fianaise de chinedhíothú féideartha a chaomhnú.

#### E. Na hOileáin Philipíneacha

I mí Bealtaine 2016, bhuaigh Rodrigo Duterte toghchán na hUachtaránachta le 39% den vóta. Ghlac sé bearta conspóideacha i gcoinne na gáinneála ar dhruaí le horduithe 'lámhaigh agus maraigh' as ar eascair sárúithe mínáireacha ar chearta an duine. D'athraigh an tUachtarán Duterte beartas seachtrach na nOileán Filipíneach, agus tá comhghuaillíocht nua forbartha aige leis an Rúis agus an tSín, d'ainneoin na conspóide faoi Mhuir na Síne Theas agus an fhórais gurb iad na hOileáin Philipíneacha ceann de na stáit de chuid ASEAN is éilitheoirí san agóid sin. Tá ASEAN agus an tSín ag iarraidh Cód Iompair a chaibidliú, ach cuireadh moill ar na cainteanna le linn ghéarchéim COVID-19.

I mí Bealtaine 2017, d'fhógair Duterte dlí míleata in Mindanao go dtí deireadh 2019, mar gheall, den chuid is mó, ar mhíleataigh de chuid an Stáit Ioslamaigh (SI), mar a thugtar air, a bheith i gcathair Marawi, inar Moslamaigh iad formhór an daonra, agus i gcathracha eile. Dúirt SI go raibh siad freagrach as ionsaithe a tharla i mí Mheán Fómhair 2019 i ndeisceart na nOileán Filipíneach. Tá tacaíocht tugtha ag AE do Phróiseas Síochána Mindanao i gcaitheamh na mblianta agus ba gheal leis seoladh síochánta an reifrinn go luath in 2019. Tá AE tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do Réigiún Féinrialaitheach Bangsamoro in Mindanao trína ionstraimí éagsúla.

De réir roinnt suirbhéanna, tá formhór na bhFilipíneach sásta le hobair an rialtais chun smacht a chur ar leathadh COVID-19 agus a iarrachtaí i dtaca le cuidiú leis na daoine a chaill a bpoist. Tá ráta muiníne Duterte ag dul i méid agus reáchtálfar an chéad toghchán uachtaránachta eile sna hOileáin Philipíneacha i mí Bealtaine 2022.

Tá an AE ag éirí níos buartha de réir a chéile faoi na sárúithe ar chearta an duine, go háirithe na marúithe seachbhreithiúnacha a bhaineann leis an 'gcogadh ar dhruaí' agus an Bille Frithsceimhlitheoireachta a ritheadh i mí Iúil 2020. Ós rud é gur thairbhigh na hOileáin Philipíneacha de scéim um fhabhar trádála GSP+ AE ó mhí na Nollag 2014, ag 108ú Seisiún Chomhdháil EIS sa Ghinéiv i mí an Mheithimh 2019, mheabhraigh AE don tír gur thug sí gealltanais coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus cearta saothair a dhaingniú agus a chur chun feidhme, faoi mar atá luaite i gComhaontú GSP+.

Shínigh AE agus na hOileáin Philipíneacha Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC) in 2011, a tháinig i bhfeidhm i mí Márta 2018. Tháinig an [chéad Chomhchoiste](#) le chéile sa Bhruiséil an 28 Eanáir 2020 agus bhunaigh sé trí fhochoiste speisialaithe: um Chomhar um Fhorbairt; um Thrádáil, um Infheistíocht agus um Chomhar Eacnamaíoch; agus um Dhea-Rialachas, um an Smacht Reachta agus um Chearta an Duine.



Leis an gComhchoiste, cuirtear ar chumas na nOileán Filipíneach agus AE an acmhainneacht iomlán comhair a fhorbairt in earnálacha éagsúla d'fhonn an caidreamh déthaobhach a ardú go leibhéal níos airde agus naisc a neartú bunaithe ar leas frithpháirteach agus ar urraim.

Is deontóir suntasach é AE do na hOileáin Filipíneacha, agus sholáthair sé EUR 325 mhilliún don tréimhse 2014-2020. Is réimsí béime iad an smacht reachta agus fás cuimsitheach. B'ionann an trádáil dhéthaobhach in earraí idir AE agus na hOileáin Filipíneacha agus EUR 14.9 billiún in 2019, agus is é AE an ceathrú comhpháirtí trádála is mó atá ag na hOileáin Filipíneacha. Seoladh caibidlíochtaí maidir le Comhaontú Saorthrádála idir AE agus na hOileáin Filipíneacha i mí na Nollag 2015 agus reáchtáladh an chéad bhabhta díobh i mí Bealtaine 2016. Cuimsítear raon leathan saincheisteanna leo sin, lena n-áirítear taraifí, bacainní neamhtharaife ar thrádáil, trádáil i seirbhísí agus infheistíocht, chomh maith le gnéithe trádála an tsoláthair phoiblí, na maoinne intleachtúla, na hiomaíochta agus na forbartha inbhuanaithe.

I rún an 17 Meán Fómhair 2020, d'áitigh an Pharlaimint ar AE agus ar na Ballstáit tacú go réamhghníomhach le rún a ghlacadh ag Comhairle um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe. Chomh maith leis sin, iarradh ar an gCoimisiún sa rún fabhair thrádála do na hOileáin Filipíneacha a chur ar fionraí go sealadach toisc nach gcomhlíonann siad na forálacha coinníollachta maidir le cearta an duine.

## F. Vítneam

Tá an caidreamh idir AE agus Vítneam bunaithe ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair arna ghlacadh in 2016. Leithdháileadh suim iomlán de EUR 400 milliún don thréimhse 2014-2020, le béim ar dhea-rialachas, fuinneamh agus athrú aeráide, go háirithe i ndeilt Mekong.

Is stát aon-pháirtí cumannach gan saoirse pholaitiúil ar bith é Vítneam fós, cé go bhfuil sé ar ceann de na samplaí is rathúla de thír a rinne aistriú ó chóras eacnamaíoch cumannach teipte go dtí geilleagar oscailte agus margadhbhunaithe. Tá Vítneam ar na tíortha is tapúla atá ag fás in ASEAN, le meánfhás OTI de nach mór 7% taifeadta ann idir 2010 agus 2020. B'ionann trádáil earraí idir AE agus Vítneam agus EUR 45.5 billiún in 2019 agus b'ionann stoc FDI AE i Vítneam agus EUR 7.4 billiún in 2018.

An 12 Feabhra 2020, thug an Pharlaimint a toiliú do Chomhaontú Saorthrádála idir AE agus Vítneam (FTA) agus do Chomhaontú Cosanta Infheistíochta (IPA). Dhaingnigh an tAontas agus Vítneam an Comhaontú Saorthrádála an 8 Meitheamh 2020 (agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2020). Is éard atá i gceist leis an FTA ná deireadh a chur láithreach le 65% de tharaifí ar onnmhairí AE chuig Vítneam agus le 71% de na dleachtanna sin ar allmhairí ó Vítneam. Beidh ar Bhallstáit aonair AE an IPA idir AE agus Vítneam a dhaingniú fós.

Reáchtáil AE agus Vítneam an t-ochtú babhta dá nldirphlé um Chearta an Duine sa Bhruiséil an 4 Márta 2019. Pléadh réimsí amhail saoirse cainte, pionós an bháis agus cibearshlándaí. An 17 Deireadh Fómhair 2019, shínigh AE agus Vítneam Creatchomhaontú Rannpháirtíochta chun bunús dlí a leagan síos i gcomhair rannpháirtíocht Vítneam in oibríochtaí bainistithe géarchéime AE.



## G. An Téalainn

Tá comhpháirtíocht AE-na Téalainne bunaithe ar chreatchomhaontú 1980. Thug na comhpháirtithe caibidlíochtaí i gcrích i gcomhair Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC) i mí Márta 2013, ach stopadh é tar éis an *coup* mhíleata in 2014. An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle conclúidí d'fhonn ath-rannpháirtíocht pholaitiúil de réir a chéile a shaothrú. Ó shin i leith, tá dul chun cinn déanta chun ullmhú do shíniú tráthúil an CCC, lena méadófaí an comhar idir AE agus an Téalainn go mór. Idir an dá linn, táthar ag gníomhú freisin chun tús a chur an athuair ar chaibidlíocht maidir le FTA uailmhianach agus cuimsitheach.

Is é AE an tríú margadh onnmhairíochta is mó atá ag an Téalainn agus tá an Téalainn ar phríomh-chomhpháirtithe trádála AE in ASEAN. In 2019, b'ionann an trádáil dhéthaobhach agus EUR 33.1 billiún. Reáchtáladh an 14ú Cruinniú de chuid Oifigigh Shinsearacha AE agus na Téalainne sa Bhruiséil an 16 Deireadh Fómhair 2019 chun trádáil, imirce, comhar, an t-athrú aeráide agus saincheisteanna maidir le cearta an duine a phlé.

Is monarcacht bhunreachtúil í an Téalainn, ach tá *junta* míleata i gceannas ar an tír ón 22 Bealtaine 2014. Tá an freasúra curtha faoi chois ag an arm tríd an dlí míleata a fhorchur, agus tuairiscíodh sárúithe ar chearta an duine ann. Cailleadh an Rí Bhumibol Adulyadej ag deireadh 2016. Rinneadh an Rí Maha Vajiralongkorn Bodindradebayavarangkun a chorónú i mí Bealtaine 2019, cé go raibh seilbh aige ar an ríchathaoir cheana féin ar feadh dhá bhliain roimhe sin.

Bhuaigh an páirtí atá i bhfabhar an airm an t-olltoghchán an 24 Márta 2019, cé gurbh ann do líomhaintí i ndáil le cúbláil, drochfhaisnéis agus neamhréireachtaí ó thaobh líon na ndaoine a chaith vóta. Ceapadh Prayuth Chan-ocha, an t-iarcheannaire míleata ó 2014, mar Phríomh-Aire i mí an Mheithimh 2019. Chaith Chan-ocha tréimhse mar Phríomh-Aire cheana ó 2014 go 2019 faoin gComhairle Náisiúnta um Shíocháin agus um Ord (NCPO). Cé gur tháinig deireadh oifigiúil le riail an *junta* i mí Iúil 2019, tá tionchar ag an arm ar an rialtas go fóill.

I measc na n-agóidí leanúnacha sa Téalainn i gcoinne rialtas an Phríomh-Aire Prayut Chan-ocha bhí éilimh ar athchóiriú mhonarcacht na Téalainne, rud nach bhfacthas riamh roimhe sa ré chomhaimseartha. An 23 Feabhra 2020, ba é cinneadh na Cúirte Bunreachtúla Páirtí na Todhchaí Nua (*Phak Anakhot Mai*), páirtí freasúra a bhfuil tóir air i measc daoine óga, a dhíscaoileadh, a spreag an chéad bhabhta agóidí. Fuair Páirtí na Todhchaí Nua an tríú líon suíochán is mó i dTeach na nIonadaithe tar éis na dtoghchán i Márta 2019 agus bhí sé tar éis teacht chun cinn le míonna beaga roimhe sin mar an páirtí is gníomhaí ón bhfreasúra. An 15 Deireadh Fómhair 2020, d'fhógair Rialtas na Téalainne staid éigeandála mar iarracht deireadh a chur leis na hagóidí, agus an ceart chun cuirfiú agus dlí míleata a fhorchur á choimeád aige.

I mí Feabhra 2017, thionscain an *junta* cainteanna síochána leis na ceannaircigh i gceantair an deiscirt inar Moslamaigh iad formhór an daonra. Sheol an Téalainn próiseas síochána go hoifigiúil le grúpa ceannairceach Barisan Revolusi Nasional Melayu Patani (BRN) ó dheisceart na Téalainne an 21 Eanáir 2020 in Kuala Lumpur. Rinne an Mhalaeisia idirghabháil ar an gcaibidlíocht.



Rith an Pharlaimint rúin maidir le cearta an duine, oibrithe ar imircigh iad agus cearta saothair sa Téalainn.

## H. An Chambóid

Thosaigh caidreamh AE leis an gCambóid le Comhaontú Comhair 1977. Is é AE an deontóir is mó atá ag an tír, agus leithdháil sé EUR 410 milliún do thréimhse 2014-2020 chun rialachas agus an smacht reachta a fheabhsú agus i gcomhair an Bhinse Fiosruithe i dtaobh chionta an Khmer Rouge freisin. D'fhág blianta an chogaidh chathartha an Chambóid ar na tíortha is boichte san Áise Thoir Theas. Tar éis Chomhaontuithe Síochána Pháras in 1991, ghlac an Chambóid bunreacht in 1993, lenar leagadh síos an bhunchloch i gcomhair stát ilpháirtí, daonlathach agus níos liobráláí, ina mbeadh toghcháin rialta. An 26 Feabhra 2018, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an gCambóid i bhfianaise a bhfuil tite amach i gcúrsaí polaitíochta sa tír le déanaí, agus i bhfianaise an mheatha leanúnaigh ar an daonlathas, ar an urraim do chearta an duine agus ar an smacht reachta.

Bhuaigh an Príomh-Aire Hun Sen agus a pháirtí rialaitheach, Páirtí Phobal na Cambóide (CPP) olltoghchán an 29 Iúil 2018, ach rinne an freasúra líomhain nach raibh an próiseas toghcháin saor nó cóir. Gabhadh ceannaire Pháirtí Náisiúnta Tarrthála na Cambóide (CNRP), Kem Sokha, i mí Mheán Fómhair 2017. Tá deoraíocht leagtha ag Sam Rainsy, iar-cheannaire CNRP, air féin ó 2015. Díscaoileadh CNRP i mí na Samhna 2017. Cé gur cuireadh deireadh le gabháil tí Kem Sokha i mí na Samhna 2019, tá sé fós faoi mhaoirseacht cúirte, tabharfar chun trialach é maidir le tréas agus tá cosc air páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht pholaitiúil d'aon chineál. I Meán Fómhair 2020, dúirt an Príomh-Aire Hun Sen go bhféadfadh cás cúirte Sokha leanúint ar aghaidh ar feadh suas le ceithre bliana, tar éis na dtoghchán áitiúil in 2022 nó na dtoghchán náisiúnta in 2023.

I mí Feabhra 2020, chinn an Coimisiún cuid de na fabhair tharaife a deonaíodh don Chambóid faoi scéim trádála EBA a aistarraingt mar gheall ar na sárúithe tromchúiseacha córasacha ar phrionsabail chearta an duine a chumhdaítear sa Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla. Tháinig an Rialachán ábhartha i bhfeidhm an 25 Aibreán 2020 agus tá éifeacht leis ón 12 Lúnasa 2020. Tá geilleagar na Cambóide spleách ar chabhair idirnáisiúnta agus ar onnmhairithe ball éadaigh, agus is gné an-ghoiliúnach ina geilleagar iad costais saothair. Maidir le fabhair tharaife a tharraingt siar, agus taraifí caighdeánacha an Aontais a chur ina n-ionad, déanfaidh sé difear go príomha do tháirgí éadaigh agus coisbhirt. Is ionann an tarraingt siar agus thart ar an gcúigiú cuid nó EUR 1 bhiliún d'onnmhairí bliantúla na Cambóide chuig AE.

I mí Mheán Fómhair 2017, rith Parlaimint na hEorpa rún inar iarradh ar Rialtas na Cambóide deireadh a chur leis an ngéarleanúint ar Kem Sokha, ar cúrsaí polaitíochta ba chúis léi. I mí Mheán Fómhair 2018, ghlac sí rún arís inar iarradh go scaoilfí gach cúiseamh i gcoinne Kem Sokha agus go scaoilfí saor láithreach é.

## I. Singeapór

Tá dlúthchomhar idir AE agus Singeapór i réimsí an ghnó, na heolaíochta agus na teicneolaíochta. An 13 Feabhra 2019, dhaingnigh AE agus Singeapór trí chomhaontú





‘den ghlúin nua’: an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir AE agus Singeapór (EUSPCA), an Comhaontú Saorthrádála idir AE agus Singeapór (EUSFTA) agus an Comhaontú Cosanta Infheistíochta idir AE agus Singeapór (EUSIPA). Tháinig FTA le Singeapór i bhfeidhm an 21 Samhain 2019. Tá na comhaontuithe sin deartha chun borradh a chur faoi naisc pholaitiúla, eacnamaíocha agus thrádála idir na comhpháirtithe agus tiocfaidh laghdú suntasach ar dhleachtanna custaim ar an dá thaobh mar thoradh orthu. Bainfear bacainní teicniúla agus neamhtharaifí ar thrádáil in earraí i réimse leathan earnálacha.

Is é AE an tríú comhpháirtí trádála is tábhachtaí atá ag Singeapór. Shroich trádáil dhéthaobhach in earraí idir AE agus Singeapór EUR 47 mbilliún in 2019. Is mórcheann scribe d’infheistíocht AE san Áise é Singeapór, le stoic FDI arbh ionann agus EUR 227 mbilliún iad in 2017. Ar an taobh eile, is é Singeapór an tríú hinfheisteoir is mó ón Áise in AE. Reáchtáil Singeapór a olltoghchán an 10 Iúil 2020 in ionad an dáta a bhí sceidealaithe ar dtús, mí Aibreáin 2021, rud a chuir ar chumas an Phríomh-Aire Lee Hsien Loong agus a rialtais déileáil le bagairt reatha COVID-19 agus leis na dúshlán eacnamaíocha a bhaineann léi. Bhuaigh Lee Hsien Loong agus a pháirtí, an Daonpháirtí Gníomhaíochta (PAP) 83 as 93 shuíochán sa Pharlaimint, agus bhí an toradh is fearr a bhí ag an bpáirtí is mó ón bhfreasúra, Páirtí an Lucht Saothair, go dtí seo aige, le 10 suíochán. Níor chaill PAP toghchán riamh roimhe sin agus bhí sé i gceannas ar an gcathairstát ó 1959 i leith. Tá sé ráite ag an bPríomhaire Lee Hsien Loong le fada go n-aistreoidh sé an chumhacht go duine eile sula mbeidh sé 70, ar rud é a tharlóidh in 2022. Tá an tAire Airgeadais, Heng Swee Keat, leas-phríomh-aire Lee, le teacht i gcomharbacht air.

Agus iad ag tacú le hobair na sochaí sibhialta, tá éilithe ag AE agus an Pharlaimint go neamhbhalbh go gcuirfí deireadh le pionós an bháis.

## J. Brúiné Darasalám

Tá Sabhdán Bhrúiné, Hassanal Bolkiah, i gceannas ar an stát, agus tá Prionsa Billah Bolkiah ag glacadh níos mó freagrachtaí chuige féin. Níl ann don liobrálú polaitiúil. Rinneadh athchóiriú ar an gclár reachta in 2014 chun cur chuige bunaithe ar Sharia a chur leis. I mí Aibreáin 2019, cuireadh clár reachta nua i ngníomh chun cineálacha nua pionóis a fhorchur, lena n-áirítear bású le clocha do ghnéas aerach agus d’adhaltranas agus teascadh géag do ghoid. I ndiaidh raic idirnáisiúnta, chuir Brúiné síneadh le moratóir ar pionós an bháis.

Tá AE ag cur feabhas gníomhach ar a chaidreamh le Brúiné, ach níl creatchomhaontú ann go fóill. Táthar i mbun caibidlíocht ar Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir AE agus Brúiné faoi láthair agus cumhdófar raon leathan réimsí polaitiúla agus eacnamaíocha leis. Pléitear leis an gcaidreamh trí ASEAN den chuid is mó. Bhí AE ar an gcúigiú comhpháirtí trádála is mó a bhí ag Brúiné in 2018 ó thaobh earraí de, le luach foriomlán de EUR 740 milliún. Baineann an trádáil idir AE agus Brúiné le hinnealra, mótarfheithiclí agus ceimiceáin.

I rún uaithi an 18 Aibreáin 2019, cháin an Pharlaimint go láidir teacht i bhfeidhm Chód Pionósach Sharia. D’athdhearbhaigh sí gur cháin sí pionós an bháis agus chuir sí i bhfios go láidir go sáraíonn forálacha Chód Pionós Sharia oibleagáidí Bhrúiné faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.



## K. Laos (Daon-Phoblacht Dhaonlathach Lao, PDR Lao)

Tá an caidreamh idir AE agus Laos bunaithe ar Chomhaontú Comhair 1997. Tá níos mó ná EUR 500 milliún á sholáthar ag AE do thréimhse 2016-2020, lena dtacaítear le hOchtú Plean Forbartha Socheacnamaíche Náisiúnta Laos, atá dírithe ar ardghás eacnamaíoch a bhaint amach, leis an sprioc fhoriomlán teacht as stádas mar Thír is Lú Forbairt roimh 2020. Thug an Coimisinéir um Fhorbairt, an tUas. Mimica, cuairt ar Laos i mí Mheán Fómhair 2019 chun caidreamh a neartú agus ábhair amhail cothú, dea-rialachas agus cúnamh trádála a phlé.

Is stát aon-pháirtí é Laos. Tá diansmacht ag Daonpháirtí Réabhlóideach Laos (LPRP), atá i gcumhacht ó dheireadh an chogaidh chathartha in 1975, ar an tír agus níl aon fhreasúra inti le dul ina aghaidh. Tá sé beartaithe an chéad toghchán náisiúnta eile sa tír a reáchtáil in 2021. Tá caidreamh níos daingne á chothú ag Laos leis an tSín agus le ASEAN, agus é ag iarraidh infheistíocht níos mó a mhealladh. D'eascair fás marthanach eacnamaíoch de níos mó ná 7% ó 2014 as athchóirithe eacnamaíocha. Tá paindéim COVID-19 tar éis dúshlán athnuaithe a chruthú don chlár oibre sin, ar dúshlán iad a dhéanann difear mór don fhás eacnamaíoch, a laghdófar é chuig raon measta idir -0.6 agus -2.4 % in 2020.

D'ainneoin na n-athchóirithe eacnamaíocha, tá an tír fós bocht agus spleách ar chabhair idirnáisiúnta. Mar Thír is Lú Forbartha, tairbhíonn sí as scéim trádála Gach Ní seachas Airm AE. B'ionann agus EUR 380 milliún an trádáil iomlán idir AE agus Laos in 2019.

Tá tábhacht ar leith ag baint le staid chearta an duine do AE, lena n-áirítear cás na ndaoine a easáitíodh le tógáil ollmhór dambaí ar Mekong. Tharla an naoú hldirphlé bliantúil maidir le Cearta an Duine agus Rialachas idir AE agus Laos in Vientiane i mí Márta 2019. Ag 108ú Seisiún Chomhdháil EIS sa Ghinéiv i mí an Mheithimh 2019, d'iarr AE ar Laos dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí.

## L. An Mhalaeisia

Thug AE agus an Mhalaeisia caibidlíochtaí i gcrích maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair i mí na Nollag 2015. Cuireadh na caibidlíochtaí maidir leis ag gComhaontú Saorthrádála idir AE agus an Mhalaeisia ar athló i mí Aibreáin 2012 arna iarraidh sin ag an Malaeisia, tar éis seacht mbabhta caibidlíochta. Is é AE an tríú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Malaeisia agus ceann dá hinfheisteoirí coigríche is mó. Shroich stoic infheistíochta sa tír EUR 24.5 billiún in 2017. Shroich trádáil fhoriomlán in earraí idir AE agus an Mhalaeisia EUR 36.6 billiún in 2019. B'ionann fás OTI na Malaeisia agus 4.5% in 2019, ach bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar an bhfás in 2020.

Ag deireadh mhí Márta 2019, d'fhógair an Coimisiún gur cheart úsáid ola pailme i mbreosla iompair a chéimniú amach ar bhonn na Treorach maidir le Fuinneamh Inathnuaithe, a leagann síos sprioc 32% do bhithfhuinneamh inbhuanaithe. Rinne an Indinéis agus an Mhalaeisia agóid agus thíolaic siad gearáin don Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Deir AE gur cúis le dífhoraioisiú iomarcach é saothrú ola pailme. Áitíonn an Mhalaeisia, áfach, go bhfuil sí ag obair chun inbhuanaitheacht a tionscail ola pailme a fheabhsú. Gníomhóidh an Mhalaeisia, arb í an dara táirgeoir



is mó d'ola pailme ar domhan, mar thríú páirtí i gcás na hIndinése mar chomhartha dlúthpháirtíochta leis an Indinéis. Cloíodh comhghuaillíocht Barisan Nasional (BN) na Malaesia, a bhfuil Eagraíocht Náisiúnta na Malaech Aontaithe (UNMO) mar chuid di, den chéad uair riamh sa holltoghchán i mí Bealtaine 2018. Tháinig an Príomh-Aire Mahathir Mohamad, ceannaire Chomhaontas an Dóchais, in ionad Najib Razak, a bhfuil dhá bhliain déag sa phríosún os a chomhair, le hathchomharc ar feitheamh. I mí na Samhna 2019, bhuaigh comhghuaillíocht an fhreasúra, Barisan Nasional (BN), fothoghchán agus thit riarachán an Phríomh-Aire Mahathir Mohamad as a chéile. Le tacaíocht UMNO, i mí Márta 2020 chuir an Rí Abdullah Muhyiddin Yassin, uachtarán an Pháirtí Dhúchasaigh Aontaithe (PBM), faoi mhionn mar Phríomh-Aire i gceannas ar chomhghuaillíocht nua Perikatan Nasional (PN). An 13 Deireadh Fómhair 2020, áfach, bhí cruinniú ag ceannaire an fhreasúra, Anwar Ibrahim, leis an rí le hiarracht a dhéanamh a chruthú go bhfuil tromlach parlaiminte áititheach aige chun rialtas nua a chruthú agus d'iarr sé ar an bPríomh-Aire Muhyiddin Yassin éirí as.

Tá cáineadh déanta ag Parlaimint na hEorpa ar phionós an bháis, easpa urraime do chearta LADTI agus ar chiúnú na míshástachta poiblí, mar aon le heaspa cur in iúl síochánta a bheith ann, díospóireacht phoiblí san áireamh.

Jorge Soutullo / Andreas Striegnitz  
11/2020

